**Óir is leatsa an ríocht agus an chumhacht agus an ghlóir trí shaol na saol.**

A Thiarna Íosa Críost, a dúirt le d'Aspail: Fágaim síocháin agaibh, tugaim daoibh mo shíocháin: ná féach ar ár bpeacaíne ach ar chreideamh d'Eaglaise; deonaigh síocháin a thabhairt di agus í a aontú, faoi mar is toil leat féin, tusa a mhaireann agus a rialaíonn tri shaol na saol. **Amen.**

Síocháin an Tiarna libh i gcónaí.
**Agus le do spiorad féin.**

**A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn.**
**A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn.**
**A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, tabhair dúinn síocháin.**

Seo é Uan Dé, seo é an té a thógann peacaí an domhain. Is méanar dóibh siúd a fuair cuireadh chun séire an Uain.
**A Thiarna, ní fiú mé go dtiocfá faoi mo dhíon, ach abairse an focal agus leigheasfar m'anam.**

**Iarchomaoineach**

Tabhair do chabhair lách do do phobal, impímid ort, a Thiarna. Stiúir ón seanchleachtadh anonn chun na beatha nua an mhuintir a shásaigh tú leis na rúndiamhra neamhaí. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

**Toradh 50/50 Coiste na Mine 21/04/2024**

**Buaiteoir don €1,030**

Áine U Chonchubhair

Baile na hAbhann, Na Forbacha

Duais an Díoltóir do €50.00

Togha agus Rogha, Radio na Gaeltachta

**Coiste €1,030**

## Seó Faisin & Oíche Shóisialta

Beidh Seó Faisin & Oíche Shóisialta againn ar an 26/04/2024 I dTeach na Céibhe, Ros a'Mhíl @ 8.00pm ar mhaithe le Feachtas Bailiúcháin Airgid Scoil Cholmcille, Ros a'Mhíl#Ticéid ar díol Tigh Thadhgín & ó bhaill an Choiste.

**CLÚDAIGH SEACHTAINIÚLA**

***Má tá Bosca 456 agat cuir glaoch ar an oifig. 0838126745.***

**Míle Buíochas as bhur dtacaíocht**

Beidh ceiliúradh ceoil, filíochta agus amhráin Bhealtaine anseo iSéipéal Chill Éinde ar an Luan, 6ú Bealtaine ag 3 i.n. leis an gCeatharáid Contempo (Contempo Quartet)

Beidh píosa filíochta ó Maidhc P. Ó Conghaile, agus amhrán ó Éabha Ní Chonghaile.

Beidh saorchead isteach


**Fáilte roimh chách.**

Bhí Céad Chomaoineach ag Rang 2 i Scoil Éinne an tseachtain seo.



Comhghairdeas leo agus lena dtuismitheoirí.

Míle buíochas lena múinteoirí agus le foireann na scoile ar fad.



# Paróiste An Spidéal

## An cúigiú Domhnach den Cháisc

**28ú Aibreán 2024**

An Ath. Daniel Gallagher

www.cilleinde.ie

**Uaireanta Oifig:** Dé Máirt, Déardaoin, Dé hAoine 10.00rn –2.00in

Oifig: 083 8126745 *Ríomhphost:* cilleinde@outlook.ie

| | | | ***Aifrinn & Intinní na Seachtaine*** |
|---|---|---|---|
| | | ⌖ | **CILL ÉINDE, AN SPIDÉIL** |
| Dé Sathairn | 27ú | 6.00i.n. | Peg O'Toole (Peg Mhary Carr) *Seanaghurráin/Norwood* ***Aifreann Cinn Mhíosa*** Fr Mark Carr *Seanaghurráin/Boston* |
| Dé Domhnaigh | 28ú | 11:00r.n | *Missa Pro Populo* |
| Dé Luain | 29ú | 10.00 r.n. | *Missa Pro Populo* |
| Dé Máirt | 30ú | 9.30r.n. | *Missa Pro Populo* |
| Dé Céadaoin | 1ú | 10.00r.n. | Seán Ó Céidigh, a bhean Áine & iníon Patricia *Poll* |
| Déardaoin | 2ú | 11.00 r.n. | ***Coineartú Scoil Éinne*** |
| Dé hAoine | 3ú | 6.00i.n. | Aifreann *Céad Aoine* |
| Dé Sathairn | 4ú | 6.00i.n. | John Joe & Kathleen Ní Dhroighneáin *Leitir Péic* |
| Dé Domhnaigh | 5ú | 11.00r.n. | Mag Bn Uí Fhéinne, (***Céad Cuimhneacháin***) a fhear céile Stiofáin & Muintir na Beirte *Páirc Láir* |
| | | ⌖ | **CILL TREASA, ROS A' MHÍL** |
| Dé Sathairn | 27ú | 7.30i.n. | Jimmy Ó Curraoin & a thuismitheoirí Mary & Matt & Delia Geoghegan *Ros a'Mhíl* |
| Dé Sathairn | 4ú | 7.30i.n. | *Missa Pro Populo* |
| | | ⌖ | **CILL MHUIRE, NA MINNA** |
| Dé Domhnaigh | 28ú | 9.30r.n. | John Coyne ***Dara Cuimhneacháin*** *Minna.* |
| Dé Domhnaigh | 5ú | 9.30r.n. | *Missa Pro Populo* |

**Na DeasghnáthaTosaigh**

In ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh. **Amen.**

Grásta ár dTiarna Íosa Críost agus grá Dé
agus cumann an Spioraid Naoimh libh go léir.
**Agus le do spiorad féin.**

**Gníomh Aithrí**

A phobal Dé, tugaimis ár bpeacaí chun cuimhne chun gurbh fhiú sinn na rúndiamhra naofa a cheiliúradh.
**Admhaím do Dhia uilechumhachtach,**
**agus daoibhse a bhráithre,**
**gur pheacaigh mé go trom,**
**le smaoineamh agus le briathar,**
**le gníomh agus le faillí,**
**tri mo choir féin, trí mo choir féin,**
**trí mo mhórchoir féin.**
**Ar an ábhar sin,**
**impím ar Naomh-Mhuire Síor-Ógh,**
**ar na hAingil agus ar na Naoimh,**
**agus oraibhse, a bhráithre,**
**guí ar mo shon chun ár dTiarna Dia.**

Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire orainn, go maithe sé ár bpeacai dúinn, agus go dtreoraí sé chun na beatha síoraí sinn. **Amen.**

A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**
A Chríost, déan trócaire. **A Chríost, déan trócaire.**
A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**

***An Ghlóir***

Glóir do Dhia sna harda,
**agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.**
**Molaimid thú; móraimid thú; adhraimid thú;**
**tugaimid glóir duit;**
**gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire;**
**a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas; a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.**
**A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost. A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,**
**tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn; tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí. Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.**
**Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna; is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost, mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair. Amen.**

**Urnaí**

A Dhia, is tríotsa a fuaireamar fuascailt agus a glacadh linn mar chlann; féach go lách ar do chlann ionúin; go dtugtar saoirse cheart, agus oidhreacht shíoraí don mhuintir a chreideann i gCríost. Sin é ár nguí chugat trínár dTiarna. **Amen.**

***Liotúirge an Bhriathair***

**An Chéad Léacht**

*Sliocht as Gníomhartha na nAspal — 9:26-31*

Ar theacht go Iarúsáiléim do Shól, rinne sé iarracht dul i gcuideachta na ndeisceabal, ach bhí eagla orthu uile roimhe, óir níor chreid siad gur dheisceabal é. Ach rug Barnabas leis é; agus threoraigh sé chuig na haspail é; agus d’inis sé dóibh mar a chonaic sé an Tiarna ar an tslí, agus gur labhair sé leis, agus mar a labhair sé féin go misniúil in ainm Íosa i Damascus. Agus bhí sé ina gcuideachta ag teacht isteach agus ag dul amach i Iarúsailéim, agus ag labhairt go misniúil in ainm an Tiarna. Labhraíodh sé fosta leis na ciníocha, agus bhíodh sé ag díospóireacht leis na Gréagaigh; ach bhí siadsan i bhfáth lena mharú. Agus nuair a fuair na bráithre a fhios sin, thug siad leo síos go Céasairé é, agus chuir siad ar shiúl go Tarsas é.
Ansin bhí síocháin ag an eaglais ar fud Iúdáia go hiomlán, agus ar fud na Gailíle, agus na Samáire agus ag siúl di in eagla an Tiarna, chuaigh sé i méad, agus bhí sí á líonadh le sólás an Spioraid Naoimh.
Briathar an Tiarna. **Buíochas le Dia.**

**Salm le Freagra** – Sm 21

*Fr: Is tú mo mholadh sa mhórthionól, a Thiarna.*

1. Comhlíonfaidh mé mo mhóideanna i láthair
   na droinge ar a mbíonn a eagla.
   Íosfaidh na bochtáin agus beidh a sáith acu.
   Molfaidh lucht a iarrtha an Tiarna,
   Go maire a gcroíthe go brách na breithe. *(Fr)*

2. Cuimhneoidh an domhan uile
   agus casfaidh ar an Tiarna,
   agus adhrfaidh na ciníocha uile ina fhianaise.
   Adhrfaidh maithe móra an talaimh ina fhianaise,
   Cromfaidh ina láthair a ngabhann síos sa luaithreach. *(Fr)*

3. Mairfidh m’anam ar a shon;
   déanfaidh mo chlann fónamh dó.
   Tabharfaidh tuairisc an Tiarna do ghlúin atá le teacht
   Foilseoidh siad a dhílseacht do phobal nár saolaíodh fós:
   ‘Sin iad na nithe a rinne an Tiarna.’ *(Fr)*

**An Dara Léacht**

*Sliocht as céadlitir N. Eoin – 3:18-24*

A chlann liom, ná tugaimis grá briathar ná cainte amháin, ach grá gnímh agus fírinne. Is mar sin a aithneoimid gur de chlann na fírinne sinn, agus is mar sin a shuaimhneoimid ár gcoinsias ina láthairsean, má chiontaíonn ár gcroí sinn. Óir gur treise é Dia ná ár gcroí-ne agus is feasach dó an uile ní. A chlann ionúin, muna gciontaíonn ár gcroí sinn táimid lánmhuiníneach as Dia. Agus cibé ní a agraímid air, gheobhaimid uaidh é, ó tharla go gcoinnímid a aitheanta agus go ndéanaimid beart de réir a thaitnimh. Agus seo í an aithne a thug sé: go gcreidfimis in ainm a Mhic Íosa Críost agus go dtabharfaimis grá dá chéile, de réir mar a d’ordaigh seisean dúinn. An té a choinníonn a aitheanta, maireann sé i nDia, agus maireann seisean ann. Agus is mar seo a athnímid go maireann sé ionainn, tríd an Spiorad a thug sé dúinn.
Briathar an Tiarna. **Buíochas le Dia.**

Alleluia, alleluia!
‘Fanaigí ionamsa, agus mise ionaibh,’ a deir an Tiarna.
‘An té a fhanann ionamsa, tugann sé toradh mór uaidh.’
Alleluia.

**Soiscéal**

*Go raibh an Tiarna libh.* **Agus le do spiorad féin.**
*Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Eoin – 15:1-8*
**Glóir duit, a Thiarna**.
Dúirt Íosa lena dheisceabail:
‘Mise an fhíniúin fhíor, agus is é m’Athair an saothraí.
Gach géag ionam nach dtugann toradh, bainfidh sé í;
agus gach géag a thugann toradh, bearrfaidh sé í
– ionas go dtabharfaidh sí breis toradh.
Tá sibhse glan de bharr an bhriathair a labhair mé libh.
Fanaigí ionamsa, agus mise ionaibh.
Faoi mar nach féidir don ghéag toradh a thabhairt uaithi féin, mura bhfana sí san fhíniúin sin mar nach féidir daoibhse, mura bhfana sibh ionamsa.
Mise an fhíniúin, sibhse na géaga.
An té a fhanann ionamsa, agus mise ann, tugann seisean toradh mór uaidh; óir gan mise, ní féidir daoibh aon ní a dhéanamh.
Cibé nach bhfanfaidh ionamsa, caithfear amach iad mar ghéag, agus feofaidh siad; agus tógfar agus caithfear sa tine iad agus dófar iad.
Má fanann sibh ionamsa agus má fhanann mo bhriathra ionaibh, iarrfaidh sibh cibé ní is mian libh agus déanfar daoibh é.
Tugadh glóir do m’Athair
sa mhéad go dtugann sibhse toradh mór uaibh
agus go mbeidh sibh i bhur ndeisceabail agamsa.
Soiscéal an Tiarna. **Moladh duit, a Chríost.**

***An Chré***

**Creidim in aon Dia amháin,**
**an tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.**
**Agus in aonTiarna amháin Íosa Críost,**
**Mac Aonghine Dé,**
**an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann,**
**Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;**
**an té a gineadh agus nach ndearnadh,**
**agus atá de chomhshubstaint leis an Athair:**
**is tríd a rinneadh an uile ní.**
**Ar ár son-na, an cine daonna,**
**agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh.**
**Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é**
**i mbroinn na Maighdine Muire**
**agus ghlac sé nádúr daonna.**
**Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi Phointias Píoláit; d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é.**
**D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir; chuaigh suas ar neamh; tá ina shuí ar dheis an Athar.**
**Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir,**
**le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh,**
**agus ní bheidh deireadh lena ríocht.**
**Creidim sa Spiorad Naomh,**
**Tiarna agus bronntóir na beatha,**
**an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.**
**Tugtar dó adhradh agus glóir, mar aon leis an Athair agus leis an Mac: is é a labhair trí na fáithe.**
**Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda.**
**Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí.**
**Agus táim ag súil le haiséirí na marbh,**
**agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.**

***Liotúirge na hEocairiste***

A phobal Dé,
guígí go nglacfaidh Dia, an tAthair uilechumhachtach,
leis an íobairt seo uaimse agus uaibhse.
**Go nglaca an Tiarna leis an íobairt seo ó do lámha,**
**chun onóra agus glóire a ainm,**
**chun sochair dúinne agus dá Naomh-Eaglais uile.**

**Os Cionn na nOfrálacha**

A Dhia, rinne tú páirteach sinn i mbuaic na haondiagachta trí chaidreamh agus cumasc beannaithe na híobartha seo. Deonaigh, impímid ort, go ndéanfaimid an fhírinne ar ar thug tú eolas dúinn, a shaothrú leis an iompar is dual. Trí Chríost….

PAIDIR EOCAIRISTEACH

*Go raibh anTiarna libh.* **Agus le do spiorad féin.**
*Tógaigí bhur gcroíthe in airde.*
**Tá siad tógtha in airde chun an Tiarna againn.**
*Gabhaimis buíochas lenár dTiarna Dia.*
**Is ceart agus is cóir sin.**

**Is Naofa, Naofa, Naofa thú, aThiarna Dia na Slua.**
**Tá neamh agus talamh lán de do ghlóir.**
**Hósanna sna harda.**
**Is beannaithe an té atá ag teacht in ainm anTiarna.**
**Hósanna sna harda.**
Rúndiamhair an chreidimh.
**Táimid ag fógairt do bháis, a Thiarna, agus ag comóradh d'aiséirí, nó go dtaga tú.**

Is tríd agus leis agus ann a thugtar gach onóir agus glóir
duitse, a Dhia, an tAthair uilechumhachtach,
in aontacht an Spioraid Naoimh, trí shaol na saol. **Amen.**

***Deasghnáth na Comaoineach***

Aitheanta an tslánaithe dár dtreorú agus briathar Dé dár dteagasc, tá sé de mhisneach againn a rá: **Ar nAthair atá ar neamh......**

Saor sinn ó gach olc, impímid ort, a Thiarna.
Tabhair dúinn go cineálta síocháin lenár linn,
ionas go mbeimid, le cúnamh do thrócaire,
saor ón bpeaca i gcónaí agus slán ón uile bhuairt
agus sinn ag súil leis an dóchas naofa agus
le teacht ár Slánaitheora, Íosa Críost.